

Forbairt Inbhuanaithe: dúshlán romhainn

Dúshlán an-mhór don aonú haois is fiche is ea forbairt inbhuanaithe; agus tá ceisteanna eacnamaíochta, sóisialta agus comhshaoil le plé. Is é atá i bhforbairt inbhuanaithe ná forbairt a fhreastalaíonn ar riachtanais na glúine seo gan cumas na ndaoine a thagann in ár ndiaidh freastal ar a riachtanais féin a chur i mbaol. De réir na hidé seo, ní mór déileáil go maith leis na trí cheist thuas. An é an toradh a bheidh ar fhorbairt na glúine seo ná nach mbeadh acmhainní geilleagracha, sóisialta nó comhshaoil go leor ag glúinte sa todhchaí? An é nach mbeidh siad in ann taitneamh a bhaint as cáilíocht saoil atá chomh hard lenar gcáilíocht saoil féin ar a laghad? An míniú atá ar fhorbairt inbhuanaithe ná rud a bhaineann le riachtanais an duine a shásamh trí úsáid éifeachtach a bhaint as na hacmhainní seo a leanas; cothromas sóisialta agus cothromas idir glúinte agus idir tíortha agus réigiúin; meas ar fhachtóirí eiceolaíochta agus ar bhithéagsúlacht, agus ar oidhreacht chultúrtha (lena n-áirítear obair eagraíochtaí ar nós Dúchas) agus dea-chinnteoireacht.

Baineann forbairt inbhuanaithe le cáilíocht saoil níos fearr anois agus do ghlúinte amach anseo. I dtéarmaí praiticiúla, ciallaíonn sé sin clár cuimsitheach i leith forbartha a leanúint, mar shampla, trí fhreastal ar riachtanais tithíochta daoine, trí aer glan agus soláthairtí uisce d'ardcháilíocht a chinntiú, trí ghlacadh le modhanna bainistíochta nua-aimseartha, trí chabhrú le reigiúin lánacmhainneacht forbartha a shroicheadh, agus i gcás pearsana aonair, trí sheans a thabhairt dóibh bheith rannpháirteach i gcinntí ar na saincheisteanna sin a bhfuil tionchar acu ar a saoil féin. Go háirithe, ciallaíonn forbairt inbhuanaithe pearsana aonair agus pobail a bheith ag obair as lámha a chéile ag rannpháirtiú agus ag glacadh freagrachta as riachtanais gheilleagracha, shóisialta agus comhshaoil an phobail a bhfuil siad páirteach ann, nó mar a deireann an seanfhocal "Is ar scáth a chéile a mhaireann na daoine".